Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Eanáir 2021
(OR. en)

5543/21

LIMITE

PECHE 30
UK 24

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Ullmhúchán do na comhairliúcháin idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta do 2021 agus, i gcás stoc domhainfharraige, do 2021 agus 2022<br>- Treoir thosaigh ón Uachtaránacht i bhfianaise na gcomhairliúchán |

Ag eascairt ag an bplé a rinneadh sa Mheitheal um Iascach, i gCoiste na mBuanionadaithe, agus ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil na n-airí talmhaíochta an 25 Eanáir 2021, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis an nóta seo an treoir thosaigh atá molta ag an Uachtaránacht i bhfianaise na gcomhairliúchán idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta do 2021 agus, i gcás stoc domhainfharraige, do 2021 agus 2022.

**Treoir thosaigh chun tús a chur leis na comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe**

PUBLIC

I dteannta an pháipéir leathoifigiúil athbhreithnithe ón gCoimisiún[1], measann an Chomhairle gur cheart don treoir seo a leanas a bheith mar an gcéad seasamh ón Aontas chun tús a chur leis na comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe:

– Ba cheart a áirithiú go mbeidh an Chomhairle rannpháirteach ar leibhéal na n-airí le linn an phróisis ar fad nuair is iomchuí;

– Ba cheart ráthaíocht a thabhairt go mbeidh an-chuid comhordaithe agus comhair idir an Chomhairle agus an Coimisiún le linn an phróisis sin, chun rannpháirtíocht iomlán na Comhairle a áirithiú. Beidh cruinnithe comhordúchain *in situ*, cur i láthair, cuntais agus pléití sa Mheitheal, rannpháirtíocht iomlán na dtoscaireachtaí sna comhairliúcháin, lena n-áirítear mar chuid de thoscaireacht an Aontais, chomh maith le cruinnithe teicniúla nuair is gá, san áireamh leis sin;

– Ba cheart na comhairliúcháin a threorú le prionsabail, cuspóirí agus forálacha an chomhbheartais iascaigh. Áirítear leis sin, *inter alia*, cinntí a bhunú ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, cloí le forálacha na bpleananna ilbhliantúla, trí cholún na hinbhuanaitheachta (inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta) a urramú chomh le gnéithe a bhaineann le hiascach measctha a chur san áireamh;

– D'fhonn seasamh ón Aontas a bhunú agus le go bhféadfar tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh maidir leis na comhairliúcháin, ba cheart níos mó sonraí a thabhairt don Choimisiún ar bhonn stoc de réir stoic, go háirithe maidir le leibhéil TAC agus maidir le saincheisteanna eile a mheasann na toscaireachtaí a bheith tábhachtach, mar shampla bearta feabhais agus an nós imeachta chun cuótaí a mhalartú. Go dtí go mbunófar an seasamh foirmiúil ón Aontas, ba cheart don Choimisiún seasamh na dtoscaireachtaí maidir leis na stoic a shainaithnítear mar thosaíochtaí a chur san áireamh. Is faoin gComhairle atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal iomchuí ar ar cheart an seasamh ón Aontas a bhunú agus maidir leis an gcruth inar cheart é a ghlacadh;

[1] mar a leagtar amach in 5031/1/21 REV 1.

– Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun go mbeidh cothrom na Féinne idir cabhlaigh an Aontais agus na Ríochta Aontaithe maidir le bearta feabhais agus an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

Más gá, déanfar an treoir thosaigh seo a fhorbairt a thuilleadh sa Chomhairle, agus is í an Chomhairle a dhéanfaidh sin, sula dtiocfar ar aon chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe.

PUBLIC